

Cinniúint Aer Lingus

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi dhíolachán *Aer Lingus*. Sula bhféachann tú ar an mír, an féidir leat féin agus an duine in aice leat plé a dhéanamh ar an méid atá ar eolas agaibh faoin scéal.



Ceist 2

Ceangail na focail Ghaeilge leis na focail Bhéarla.

- | | |
|--------------------------|----------------------------------|
| 1. ceardchumann | a. <i>business community</i> |
| 2. lucht gnó | b. <i>third</i> |
| 3. drochthionchar | c. <i>investment</i> |
| 4. geilleagar | d. <i>parent company</i> |
| 5. máthairchomhlacht | e. <i>economy</i> |
| 6. comhlacht leathstáit | f. <i>negative impact</i> |
| 7. comhlacht aerthaistil | g. <i>they released / issued</i> |
| 8. trian | h. <i>trade union</i> |
| 9. infheistíocht | i. <i>assurance / guarantee</i> |
| 10. d'eisigh siad | j. <i>airline company</i> |
| 11. ráthaíocht | k. <i>semi-state body</i> |

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11

Anois, féach ar an tuairisc den chéad uair le feiceáil an féidir leat na focail sin a aithint sa mhír nuachta.

Ceist 3

Féach ar an tuairisc den dara huair agus freagair na ceisteanna:

1. Cén t-ainm atá ar an gcomhlacht ar mhaith leis *Aer Lingus* a cheannach?
2. Cé mhéad tairiscint a fuair *Aer Lingus* ón gcomhlacht céanna?
3. Cén fáth a ndeir an lucht gnó go bhfuil sé tábhachtach an ceangal idir Corcaigh agus Londain a choimeád?
4. Cad a bhí le rá ag Seán Ó Cróinín?
5. Cén tuairim atá ag Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann faoin scéal?

Ceist 4 ‘...go raibh tairiscint den tríú huair faighte **acu**...’

A. Líon na bearnaí sa bhosca leis an bhfoirm cheart de na forainmneacha réamhfhoclacha.

ag	agam		aige		againn		acu
ar		ort		uirthi		oraibh	
de	díom		de		dínn		díobh
do		duit		di		daoibh	

B. Anois, líon na bearnaí sna habairtí leis an bhforainm réamhfhoclach cuí.

1. Tá sé an-bhuíoch _____, agus dúirt sé é sin léi.
2. Tá súile donna _____, agus gruaig dhubh _____. Is fear dathúil é.
3. Cén fáth nár bheannaigh tú _____? Ní bheidh siad sásta.
4. An bhfuil Gaeilge líofa _____, a Sheáin?
5. Cén fáth a bhfuil eagla _____ roimpi? Nach bhfuil aithne mhaith aige _____?
6. Tá brón _____ ach ní féidir liom bheith i láthair amárach.
7. D’fhiafraigh sé _____ (Colm) an obair a dhéanamh.
8. An ndéanfá gar _____, le do thoil? Beidh mé an-bhuíoch díot!

Ceist 5 ‘...thar lear...’

Tá a lán nathanna i nGaeilge a bhfuil an focal **thar** iontu. Féach ar na cinn seo thíos agus cuir in abairtí iad lena mbrí a léiriú.

thar bráid
thar fóir
thar ceann
thar barr
thar maoil
thar sáile

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. An dtaistilíonn tú in eitleán go minic?
2. Cad a tharla don eitilt 370, Aerlíne na Malaeisia, dar leat?
3. Cad é do thuairim faoi *Aer Lingus*?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Plé atá i gceist leis an gceist seo.

Ceist 2

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11
h	a	f	e	d	k	j	b	c	g	i

Ceist 3

Féach an script.

Ceist 4

ag	agam	<i>agat</i>	aige	<i>aici</i>	againn	<i>agaibh</i>	acu
ar	<i>orm</i>	ort	<i>air</i>	uirthi	<i>orainn</i>	oraibh	<i>orthu</i>
de	díom	<i>díot</i>	de	<i>dí</i>	dínn	<i>díbh</i>	díobh
do	<i>dom</i>	duit	<i>do</i>	di	<i>dúinn</i>	daoibh	<i>dóibh</i>

1. Tá sé an-bhuíoch **dí**, agus dúirt sé é sin léi.
2. Tá súile donna **aige**, agus gruaig dhubh **air**. Is fear dathúil é.
3. Cén fáth nár bheannaigh tú **dóibh**? Ní bheidh siad sásta.
4. An bhfuil Gaeilge líofa **agat**, a Sheáin?
5. Cén fáth a bhfuil eagla **air** roimpi? Nach bhfuil aithne mhaith aige **uirthi**?
6. Tá brón **orm** ach ní féidir liom bheith i láthair amárach.
7. D'fhiafraigh sé **de** (Colm) an obair a dhéanamh.
8. An ndéanfá gar **dom**, le do thoil? Beidh mé an-bhuíoch díot!

Ceist 5

thar bráid – pass / pass by (*dul thar bráid*)

thar fóir – too far (*dul thar fóir*)

thar ceann – on behalf of

thar barr – excellent

thar maoil – overflow(*ing*)

thar sáile – over seas

Ceist 6

Is féidir gach grúpa a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceistanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola

Deir ceardchumainn agus lucht gnó go mbeidh drochthionchar do gheilleagar na tíre seo má dhíoltar *Aer Lingus* le máthairchomhlacht *British Airways*, *International Airline Group* nó *IAG*. Dhearbhaigh bord *Aer Lingus* inniu go raibh tairiscint den tríú huair faighte acu ón gcomhlacht sin.

Grett O'Connor

Baineann *Aer Lingus* le muintir na hÉireann i slí speisialta. Is beag comhlacht leathstáit eile a spreagann mothúcháin chomh láidir ionainn mar phobal. Anois, tá iarracht eile ar bun ag mórchomhlacht idirnáisiúnta aerthaistil chun an tseoid¹ náisiúnta seo a cheannach. Anseo san iardheisceart tá an geilleagar réigiúnach ag brath go mór ar eitiltí ó Aerfort Chorcaí.

Níl ag éirí go maith le hAerfort Chorcaí cheana féin. Do tháinig milliún níos lú daoine tríd an aerfort seo anuraidh ná mar a tháinig in 2008. Faoi láthair, is ag taisteal go Heathrow nó ar ais a bhíonn aon trian de phaisinéirí Aerfort Chorcaí - sin sé mhíle duine gach seachtain. Deir an lucht gnó go bhfuil sé riachtanach an ceangal sin a choimeád.

Seán Ó Cróinín, Comhairleoir Gnó, Enterprise Ireland

Ar an gcéad dul síos beidh sé níos deacra² ár ngnó a dhéanamh leis na tíortha thar lear ina bhfuil muid ag trádáil. Beidh sé níos deacra infheistíocht thar lear a fháil sa réigiún mar beidh sé níos deacra do na comhlachtaí sin an gnó a dhéanamh freisin. Agus, dá bharr sin tá imní orm go gcaillfear postanna³.

Grett O'Connor

Is léir go dtuigeann Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann tábhacht na n-eitiltí go Londain agus go lár-aerfoirt eile na hEorpa do Chorcaigh agus d'Aerfort na Sionainne. D'eisigh siad ráiteas inniu ag rá go gcaithfeadh an rialtas ráthaíocht a lorg ó aon cheannaitheoir maidir leis na himpleachtaí don dá aerfort sin.

Grett O'Connor, Nuacht TG4, Corcaigh.

¹ *seoid* a deirtear

² *deacair* a deirtear

³ *poist* atá sa Chaighdeán Oifigiúil